Scoil Phádraig, Dobhar

Plean Matamaitice

1. TEIDEAL
Matamaitic.

2. RÉAMHRÁ
Sé foireann iomlánna scoile a bhí páirteach i ndréachtú an pholasaí seo. Pléadh ábhar an pholasaí ag cruinniú foirne. Ghlac muid freagracht as réimsí áirithe den pholasaí agus mar fhoireann chuaigh muid i mbun oibre.

3. RÉASÚN
Mar gheall go bhfuil an Curaclam Leasaithe don Mhatamaitic le cur i bhfeidhm sa scoil-bhliain seo déanadh cinneadh go gcuirfí le chéile Plean Uile Scoile don Mhatamaitic.

4. GAOL LE SPIORAD SAINIÚIL NA SCOILE
I Scoil Phádraig tá béim againn ar fhorbairt iomlán na bpáistí. Tugann muid scileanna do na páistí lena nullmhú le dul chun cinn sa saol. Baineann oideachas Matamaiticiúil le sealbhú, le tuiscint agus le cur i bhfeidhm scileanna. Tugann an Mhatamaitic na scileanna riachtanacha do na páistí le saol iomlán a chaitheamh mar pháistí agus ina dhiaidh sin mar dhaoine fásta.

5. AIDHMEANNA

- Dearcadh dearfach i leith na Matamaitice a fhorbairt chomh maith le tuiscint ar na gnéithe praicticiúla
- Cumas le fadhbanna a réiteach a fhorbairt chomh maith le éascaíocht in úsáid na Matamaitice sa ngnáth shaol a chur chun cinn
- A chur ar chumas na bpáistí teanga na Matamaitice a úsáid go héifeachtach cruinn
- A chur ar chumas na bpáistí tuiscint ar choincheapa agus ar phróisis Mhatmaiticiúla a d'fheilfeadh dá leibhéal forbartha is ábaltachta a bhaint amach
- A chur ar chumas na bpáistí máistreacht a aimsiú ar: úsáid scileanna bunúsacha Matamaiticiúla agus ar mheabhrú bunfhíoras uimhris.
- Go mbeadh an Mhatamaitic feiceálach agus lárnach sa scoil agus i saol an phaiste

Cuspóirí ginearálta
Ag cur san áireamh a gcumas dúchasach agus toscaí athraitheacha, ba chóir go gcuirfeadh curaclam na Matamaitice ar chumas na bpáistí:

FORBAIRT SCILEANNA

- Coincheapa & próisis Mhatamaiticiúla a chur i bhfeidhm agus réitigh ar fhadhbanna a phleanáil agus a chur i gcrích i gcomhthéacsanna éagsúla
- Idéanna, próisis agus torthaí Matmaiticiúla a chur in iúl ó bhéal agus i bhfoirm scríofa
- Naisc Mhatamaiticiúla a dhéanamh taobh istigh den Mhatamaitic fhéin, ar fud ábhar eile léinn agus freisin, in úsáid na Matamaitice i gcomhthéacsanna praicticiúla laethúla
- Réasúnú, iniúchadh agus hipitéisiú a dhéanamh i dtaca le pátrúin agus coibhneasa sa Matamaitic
- Bealaí cuí oibre (caighdeánacha & neamhchaighdeánacha) a chur i bhfeidhm agus láimhseoga éagsúla a úsáid chuige sin
- Téarmaíocht, fíorais, sainmhínithe, agus foirmlí Matamaiticiúla a thuiscint agus a thabhairt chun cuimhne.

UIMHREAS

- Ionadluach sa gcóras deichmhear (deachúlacha san áireamh) a thuiscint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Airíonna uimhris a thuiscint agus a úsáid
- Nádúr na 4 oibríocht uimhris a thuiscint agus iad a chur i bhfeidhm go cuí
- Sracmheastachán, meastachán agus ríomhaireacht mheabhrach a dhéanamh agus bunfhíorais uimhris a thabhairt chun cuimhne
- Na naisc idir codáin, céatadáin agus deachúlacha a thuiscint agus foirmeacha coibhéiseacha a aithris
- Na coincheapa, na scileanna agus na próisís atá sealbhaithe a úsáid i réiteach fadhbanna.

AILGÉABAR

- Pátrúin agus coibhneasa in uimhreacha a iniúchadh, a thabhairt faoi deara, a úsáid agus a léirthuiscint
- Slánuimhreacha deimhneacha agus diúltacha a aithint ar an uimhirlíne
- Coincheap na hathróige a thuiscint agus luachanna a chur in áit athróga i bhfoirmlí, sloinn agus cothromóidí simplí
- Fadhbanna de rá béil a aithris mar shloinn ailgéabracha
- Tuiscint ar airíonna agus rialacha maidir le sloinn ailgéabracha a shealbhú
- Cothromóidí simplí líneacha a réiteach
- Na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe a úsáid i réiteach fadhbanna.

CRUTH & SPÁS

- Feasacht ar spásúlacht a fhorbairt
- Airíonna línte, uillinneacha, agus cruthanna (déthoiseacha & tríthoiseacha) a imscrúdú, a aithint agus a rangú agus cúntas a thabhairt orthu
- Coibhneasa agus rialacha maidir le cruth a dhéanamh amach go neamhfhoirmiúil
- Cruthanna déthoiseacha a chur le chéile, a theisiliú agus a fhoroinnt agus cruthanna tríthoiseacha a chur le chéile agus a fhoroinnt
- Cruthanna déthoiseacha is tríthoiseacha a tharraingt a thógáil agus a láimhsiú
- Siméadracht i gcruthanna a aithint agus cruth agus siméadracht sa timpeallacht a aithint
- Treo agus suíomh a chur in iúl go corplárnach (clé, deas ar aghaidh, ar chúl) agus trí chéimseata chomhordanáideach shimplí
- Na coincheapa, na scileanna agus na próisís atá sealbhaithe a úsáid i réiteach fadhbanna.

TOMHAIS

- Uirlisí feiliúnacha tomhais a aithint, a roghnú agus a úsáid
- Fad, achar, meáchan, toilleadh agus meánluas a mheas, a thomhais agus a ríomh agus aonaid chuí thomhais, idir aonaid neamhchaighdeánacha agus aonaid mhéadracha a úsáid
- Uillinneacha, am, airgead agus scála a mheas, a thomhais agus a ríomh agus aonaid neamhchaighdeánacha agus aonaid chuí thomhais a úsáid
- Tomhais i ngnáthúsáid laethúil a aithint agus a léirthuiscint
- Na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe a úsáid i réiteach fadhbanna.

SONRAÍ

- Sonraí a bhailiú, a rangú, a eagrú agus a léiriú, ag úsáid ábhar nithiúil agus léiriúchán diagramach, grafach nó pictiúrtha
- Táblaí, léaráidí, barra-chairteacha, picteagraim, línghraif agus píchairteacha a léamh, a chiallú agus a anailísiú
- Torthaí ar phróisis fhánacha shimplí a léirthuiscint, a aithint agus a chur in iúl
- Seans a mheas agus a ríomh
- Na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe a úsáid i réiteach fadhbanna.

Chomh maith leis na haidhmeanna agus na cuspóirí ginearálta sa gCuraclam Leasaithe, cuirimid béim ar leith ar:

- COINCHEAPANNA
- FADHB-RÉITEACH
- CUMAS DALTAÍ MEASTACHÁN A DHÉANAMH
- TUISCINT AR THEANGA NA MATAMAITICE
- MATA MEABHRACH

ÁBHAR AN PHOLASAÍ

a. **Treoirlínte an Churaclaim Leasaithe**

Seo iad na scileanna a bhéas á bhforbairt leis an gCuraclam Leasaithe sa Matamaitic:

- Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
- Cumarsáid agus cur in iúl
- Comhtháthú agus nascadh
- Réasúnaíocht
- Cur i bhfeidhm
- Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne.

Tá an Curaclam roinnte ina 5 shnáithe. Ní réimsí aonaracha iad na snáitheanna ach aonaid ghaolmhara:

- Uimhreas
- Ailgéabar
- Cruth agus Spás
- Tomhais
- Sonraí.

Tá Luathghníomhaíochtaí Matamaiticiúla i gceist leis na Naíonáin freisin.

Ranganna Naíonáin:

Snáitheanna *Snáithaonaid*

Luathghníomhaíochtaí Matamaiticiúla:

- Rangú
- Meaitseáil
- Comparáid a dhéanamh
- Cur in ord

Uimhreas:

- Comhairimh
- Comparáid & Ordú

- Anailís uimhris: *Cónascadh, Foroinnt, uimhriú*

Ailgéabar:

- Patrúin a fhorleathnú

Cruthanna tríthoiseacha Cruth & Spás:

- Feasacht ar spásúlacht
- (3-T)
- Cruthanna déthoiseacha(2-T)

Tomhais:

- Fad
- Meáchan
- Toilleadh
- Am
- Airgead

Sonraí:

- Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

Ranganna 1 agus 2:

Snáitheanna *Snáithaonaid*

Uimhreas:

- Comhairimh & uimhriú
- Comparáid agus ordú
- Ionadluach
- Oibríochtaí: *suimiú, dealú*
- Codáin

Ailgéabar:

- Patrúin a iniúchadh agus a úsáid

Cruth & Spás:

- Feasacht ar spásúlacht
- Cruthanna déthoiseacha
- Cruthanna tríthoiseacha
- Siméadracht
- Uillinneacha

Tomhais:

- Fad

- Achar
- Meáchan
- Toilleadh
- Am
- Airgead

Sonraí:

- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

Page Break

Ranganna 3 agus 4:

Snáitheanna *Snáithaonaid*

Uimhreas:

- Ionadluach
- Oibríochtaí: *suimiú, dealú, iolrú, roinnt*
- Codáin
- Deachúlacha

Ailgéabar:

- Patrúin & seichimh uimhris
- Uimhir abairtí

Cruth & Spás:

- Cruthanna déthoiseacha
- Cruthanna tríthoiseacha
- Siméadracht
- Línte & uillinneacha

Tomhais:

- Fad
- Achar
- Meáchan
- Toilleadh
- Am
- Airgead

Sonraí:

- Sonraí a léiriú & a léirmhíniú
- Seans

Page Break

Ranganna 5 agus 6:

Snáitheanna *Snáithaonaid*

Uimhreas:

- Ionadluach
- Oibríochtaí: *suimiú, dealú, iolrú, roinnt*
- Codáin
- Deachúlacha
- Céatadáin
- Teoiric uimhris

Ailgéabar:

- Uimhreacha treocha
- Rialacha agus airíonna
- Athróga
- Cothromóidí

Cruth & Spás:

- Cruthanna déthoiseacha (2-T)
- Cruthanna tríthoiseacha (3-T)
- Siméadracht
- Línte agus uillinneacha

Tomhais:

- Fad
- Achar
- Meáchan
- Toilleadh
- Am
- Airgead

Sonraí:

- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú
- Seans

Page Break

Dúshláin / Deacrachtaí

Na dúshláin nó na deacrachtaí is mó dúinne sa scoil ná na réimsí seo a leanas:

- TOMHAIS
- FADHBANNA A RÉITEACH
- CRUTH AGUS SPÁS
- TUISCINT AR THEANGA NA MATAMAITICE.

(b) Leanúnacht modhanna múinte

Bíonn leanúnachas i gceist:

- Nuair a bhíonn leanúnachas leabhra i gceist. eg.
- Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra agus Rang 1&2 ag úsáid Mata Draíochta.

Béidh an scoil uilig ag úsáid Mata Draíochta ón bhliain 2013 ar aghaidh

- Rang a 3 go Rang a 6: Mata Beo agus Matamaitice (Gaeil Uladh)

- Nuair a chuireann an múinteoir cóip den tuairisc/cuntas scoile ar aghaidh chuig an gcéad mhúinteoir eile
- Má bhíonn tástálacha déanta ar na páistí beidh an toradh le feiceáil ag an chéad mhúinteoir eile
- Is féidir filtean Matamaitice nó comhad a choinneáil d'obair na bpáistí agus é a thabhairt don chéad mhúinteoir eile
- Cúntaisí míosúla.

(c) Eagrú do Phleanáil agus Tuairisciú
Tá scéim bhliana agus/nó scéim téarma ag gach múinteoir. Déanann múinteoirí scéimeanna gearrthréimhseacha – scéim míosúil nó scéim coicíse. Bíonn cúntas míosúil / nótaí dul chun cinn le líonadh isteach ag gach mhúinteoir ag deireadh na míosa. Bíonn an creat céanna in úsáid ag gach múinteoir. Coinnítear tuairisc ar an dul chun cinn sa Matamaitic faoi na teidil seo a leanas:

a. Obair ó bhéal,
b. Coincheapanna agus
c. Ríomhaireacht.

Coinnítear cóip de na cúntais mhíosúla.
Coinnítear cóip de thorthaí na dTástálacha (Sigma –T)
Cuirtear cóip de Thuairisc Scoile dheireadh na bliana ar aghaidh chuig an chéad mhúinteoir eile. Tá seo istigh i fillteáin an pháiste. Cabhraíonn sé seo le leanúnachas ó rang go rang.

(d) Comhtháthú & Ceangail:
Déanfar an Mhatamaitic a chomhtháthú le hábhair eile an Churaclaim agus le gnáth-shaol laethúil an pháiste chun a shoiléiriú dó/di ar fhiúntas agus cur i bhfeidhm a cuid/chuid scileanna Matamaiticiúla.

(e) Riar ar riachtanas gach dalta
Tá Múinteoir Acmhainní páirt-aimseartha (10.2 uaire) againn sa scoil, Múinteoir Tacaíocht Foghlama páirt-aimseartha (20 uaire). Aithníonn muid go bhfuil trí chineál paistí le riachtanaisí i gceist:
Páistí Tacaíochta (Ag freastal ar an Mhúinteoir Acmhainní).
Páistí Feabhais (Ag freastal ar an Mhúinteoir Tacaíochta Foghlama).
Páistí atá faoi bhun an mheáin.

- Déileáltar le A agus B thuas tríd an gcóras feabhais/tacaíochta.
- Tá C faoi chúram an mhúinteoir ranga.
- Caithfidh gach múinteoir cinntiú go mbeidh an chéim is bunúsaí den choincheap atá idir lámha á daingniú i ngach páiste.
- Caithfear laigeacht an pháiste a aimsiú agus cleachtaithe a bhunú dá réir.
- Ba cheart tástálacha a dhéanamh chomh luath agus is féidir agus fadhbanna a aithint chomh luath agus is féidir agus tabhairt fúthu.
- Leis na tástálacha seo aithneofar na páistí a bhfuil fadhbanna acu agus aithneofar go díreach cá bhfuil an fhadhb acu in am le tabhairt faoi agus cuidiú a thabhairt.

(f) Úsáid a bhaintear as an Timpeallacht

- Tá loirg Mhatamaiticiúla sa timpeallacht fíor-éifeachtach chun coincheapa Matamaiticiúla a chleachtadh agus a chur i láthair do pháistí ag gach leibhéal cumais. Déantar loirg bunaithe ar shnáithe Matamaiticiúl. m.sh Cuimsíonn Tomhais: Meáchan nasctha le hUimhreas, Cruth agus Spás, Sonraí.
- Is féidir le loirg a bheith comhtháite le topaicí a bhaineann le hábhair eile léinn.
- Baintear úsáid as foirgneamh na scoile, an clós agus an chomharsanacht chun na loirg seo a dhéanamh.

- Tá loirg Mhatamaitice dé-anta i forhalla na scoile. Tá na snáithe Tomhais, Cruth agus Spás agus Uim-hreas le feiceáil ann. Beidh na snáithe eile le feiceáil de réir a chéile.
- Chun na loirg a bheith éifeachtach déantar Obair Réamhloirg, Iaro-bair agus is féidir Obair Shínteach a dhéanamh chun breis cleachtaidh a dhéa-namh ar scileanna.

(g) Caidreamh le Tuismitheoirí / Pobal na Scoile

- Beidh comhoibriú idir pháirtithe éagsúla den pho-bal scoile chun a chinntiú go gcuirfear an plean Matamaitice i bhfeidhm go foirfiúil.
- Ról na dTuismitheoirí i bhforbairt na scileanna Matamaiticiúla a aithint.
- Eolas a fháil ó na tuismitheoirí faoi dhearcadh an pháiste i leith na Matamaitice agus an úsáid a bhaineann sé/sí aisti sa saol laethúil.
- Labhairt le tuismitheoirí na Naíonáin nua le luathghníomhaíocht agus teanga na Mata-maitice a shoiléiriú dóibh.
- Tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú sa gclár Matamaitice.

(h) Forbairt ar Theanga na Matamaitice:

Sé aidhm na scoile ná a chur ar chumas na ndaltaí teanga na Matamaitice a úsáid go héifeachtach agus go cruinn. Cuirfidh sé seo lena gcumas éisteachta, ceistithe, díospóireachta, léitheoireachta agus cláraithe sa Matamaitic.

\+ **Agus,** cuir le chéile móide, suimiú/suimigh, athghrúpáil, deicheanna+ aonaid [aonta]

_ **Bain as,** tóg, cén difríocht atá idir, lúide, dealú/dealaigh, athainmniú

= **Cothram le,** sin é, ar aon luach le, is ionann

X **Faoi,** méadú/méadaigh, iolrú/iolraigh

__ **Roinnte ar,** roinn, roinnte amach idir, isteach ann

< > Níos lú ná, níos mó ná

% **Faoin gcéad,** céatadán

0 **Neaimhní,** naid

. **Poinnte,** ponc

Cruthanna

2-T & 3-T Aghaidh/faobhar/rinn, Taobh/slios

2 + 3 = 5 A dó agus a trí cothram le cúig

7 – 2 = 5 A seacht bain as a 2 cothram le cúig

3	trí agus a cúig	7	Seacht a bhaint
5+	cothram le *ocht.*	6-	as sé cothram le *haon*
8	(Ag tosnú ón mbarr.)	1	(Ag tosnú ón mbarr.)

i. **Forbairt ar choincheapanna / scileanna**

Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna

- Ábhair agus próisis fheiliúnacha a roghnú le haghaidh tascanna Matamaiticiúla
- Coincheapa agus próisis a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla
- Fadhbanna a anailísiú agus bealaí oibre lena réiteach a bheartú
- Straitéisí feiliúnacha le tasc a thabairt chun críche nó le fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm
- Réitigh ar fhadhbanna a aithint agus a mheas.

Cumarsáid agus cur in iúl

- Éisteacht le cúntais agus míniúcháin Mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé
- Gníomhaíochtaí Matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú
- Torthaí gníomhaíochtaí Matamaiticiúla a chlárú go nithiúil ag úsáid léaráidí, pictiúir, uimhreacha, siombailí
- Na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal Matamaiticiúil a phle agus a mhíniú
- Fadhbanna a chuirfí i láthair go pictiúrtha, go nithiúil nó ó bhéal a phlé agus anailísiú a dhéanamh orthu.

Comhtháthú agus nascadh

- Próisis agus idéanna Matamaiticiúla a shealbhaítear go neamhfhoirmiúil a cheangal le idéanna foirmiúla
- Próisis agus idéanna Matamaiticiúla a léiriú ar bhealaí difriúla: ó bhéal, go pictiúrtha, go diagramach, go siombalach
- Próisis agus idéanna Matamaiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm i ngnéithe eile den churaclam
- Matamaitic a aithint sa timpeallacht
- An gaol idir bealaí ó bhéal, nithiúla, pictiúrtha agus siombalacha le uimhreacha a léiriú a aithint
- Na ceangail idir bealaí oibre Matamaiticiúla agus na coincheapanna a úsáidtear a thuiscint
- Gníomhaíochtaí Matamaiticiúla atá bainteach le gnéithe eile den churaclam a chomhall
- Na hidéanna Matamaiticiúla atá taobh thiar de na próisis a d'úsáidfi a thuiscint.

Réasúnaíocht

- Rudaí a rangú in aicmí loighiciúla
- Buillí faoi thuairim a thabhairt agus trialacha a dhéanamh le iad a thástáil
- Déaduchtaithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh
- Patrúin inbhraite agus coibhneasa Matamaiticiúla a aithint, a iniúchadh agus a chruthú
- Réasúnú go córasach i gcomhthéacs Matamaiticiúil
- Bonn le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal Matamaiticiúil a thabhairt.

Cur i bhfeidhm

- Straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid le tascanna Matamaiticiúla a chomhall
- Láimhseoga cuí a úsáid le bealaí oibre Matamaiticiúla a fheidhmiú
- Bealaí oibre caighdeánacha a fheidhmiú go héifeachtach le uirlisí éagsúla.

Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne

- Téarmaíocht, fíorais, sainmhínithe agus foirmlí a thuiscint agus a mheabhrú.

Bealach oibre don mheastachán

- Meas ar dtús
- Scríobh do mheastachán
- Réitigh an fhadhb
- Cuir do mheastachán i gcomparáid leis an bhfíor-thoradh.

Cuimsíonn fadhbanna Matamaitice

- Focalfhadhbanna
- Tascanna praicticiúla
- Iniúchadh ceannoscailte
- Puzail
- Cluichí
- Tionscadail
- Loirg Mhatamaiticiúla.

Bileog Leide – fadhb a réiteach

- An fhadhb a scrúdú
- An fhadhb a réiteach
- An ndearna mé mar a hiarradh orm?

Straitéisí chun fadhbanna a réiteach

- Samhail a thógáil
- Léaráid a tharraingt chun fadhb a léiriú
- Cairt nó tábla a dhéanamh den eolas
- Pátrúin a lorg i bhfadhb
- Buille faoi thuairim
- An fhadhb a fho-roinnt agus gach cuid ar leith a réiteach
- Uimhir abairt bunaithe ar an bhfadhb a scríobh
- Fearas oiriúnach a úsáid i réiteach faidhbe. eg. Meá, uirlis tomhais, áireamháin, bloic &rl
- Leagan níos simplí den fhadhb a réiteach. eg. Uimhreacha níos lú a úsáid.

(j) Acmhainní

- Fearas
- Braitheann forbairt Mhatamaiticiúil an pháiste ar go leor taithí praicticiúil; dá bhrí sin dé-antar iarracht stór maith Matamaitice a choinneáil sa scoil.
- Tá go leor den fhearas lámh-dhéanta agus cuirfear fearas ar fáil do pháistí frei-sin chun cuidiú leo a bheith ag obair go neamh-spleách (cártaí oibre &rl.)
- Tá stór beag fearais sna ranganna éag-súla agus baintear úsáid as na fearais scoile.Tá fearas mhatamaitice ar fáil i Seomra an Eal aín . Seo liosta den fhearas Matamaitice atá sa scoil faoi láthair:

Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra

- Áiritheoirí (counters)
- Uimhir dhréimire
- Sopanna tógála
- Maingíní tógála
- Meá
- Buidéil
- Siosúir
- Uisce agus Trádaire Gainnimh

- Clog
- Bréagáin: teddies, coileáin
- Unilinks
- Pionnaí
- Cruthanna 3T
- Cruthanna 2T
- Mobilo
- Coirníní
- Uirlisí uisce (buidéil &rl.)
- Lego
- (Airgead macasamhlach)
- (Sopanna tógála)

Rang a hAon & Rang a Dó

- Ciúbanna Unifix
- Boird Nodaireachta
- Geo-stiallacha
- Meá
- Stampaí Rubair
- Clog Analcháide
- Maidí Líreacáin
- Siosúir
- Cnaipí Comhairimh
- Rópaí chun tomhais
- Meá
- Clog agus Féilire
- Cloig do na páistí
- Pictiúir sheicheamhacha
- Siosúir
- Cearnóg Céad
- Cruthanna 2T
- Cruthanna 3T
- Bloc-Dienes
- Airgead macasamhlach
- Sopanna Tógála
- Geo-chláir
- Meáchain 1 kg / ½ kg
- (Míreanna Mearaí)

Rang a Trí & Rang a Ceathair

- Cearnóg Céad
- Ballaí Codánacha & Deachúlacha
- Cruthanna 3T
- Maingíní Tógála
- Roth Tomhais
- Rialóir
- Soitheach Lítir
- Tasc-chártaí suimithe & dealaithe
- Starting with Fractions (Cruthanna)
- Uimhirlínte

- Póstaeir
- Acmhainní Matamaitice ar an Idirlíon
- Brící
- Cairteacha & cártaí oibre.
- Ciúbanna Unifix
- Pionnachláir agus Pionnaí
- Tangraim
- Cluichí Táblaí
- Maighnéid
- Bata Méadair
- Uillinntomhais
- Cláir Ríomhaire.
- Cluichí Mhatamaitice

Rang a Cúig & Rang a Sé

- Codáin
- Uillinntomhais
- Clár Ríomhaire.
- Postaeir
- Siosúir
- Compás
- Maide Méadair
- Áireamháin*.

***Áireamháin**

- Bainfear úsáid as na háireamháin nuair atá muid ag dí-
  riú ar choincheap agus nach bhfuil béim á chur againn ar an ríomhaireacht.
  M.sh. ús simplí, ráta &rl.
- Is cuidiú maith é do pháistí laga – tugann sé uchtach agus féin-mhuinín dóibh.
- Ba chóir tuiscint mhaith a bheith acu ar an uimhreas roimh réidh.
- Ba cheart go dtuigfeadh páiste cén uair is ceart áireamhán a úsáid. Is minic gur leor rí-omhaireacht mheabhrach nó ríomhaireacht ghasta ar pháipéar.
- Ba cheart an cineál céanna áireamhán a bheith ag gach páiste.
- Ba cheart oiliúint a thabhairt do na páistí ar an dóigh le háireamháin a úsaid.
- Ba cheart don pháiste anailís a dhéanamh ar an bhfadhb ar dtús.
- Ba cheart meastacháin a dhéanamh roimh réidh le go dtuigfí siad go raibh an freagra cruinn.
- Ní bhainfear úsáid as áireamháin go dtí Rang a 4 – 6.

Rang Acmhainní

- Uimhirlíne
- Uimhirstiallacha
- Ciúbanna / links
- Bloic Dienes
- Pionnachláir & Pionnaí
- Cearnóg Céad / Cearnóg méadaithe
- Ballaí Codánacha, Deachúlacha & Céadadáin
- Cártaí imeartha
- Cluichí Boird + --
- Geochláir Tangraim
- Cruthanna 2T & 3T

- Uillinntomhais 180 / Polygons
- Maide Méadair, Rialóirí
- Tomhais neamhchaighdeánacha
- Meá
- Aghaidheanna Cloig / féilire
- Airgead bréige
- Numbershark} Ríomhaire
- Tangraim} Ríomhaire
- Cluichi Mhatamaitice mar sh. Bingo,etc

(Frámaí Comhairimh)
(Siosúr)

(k) Acmhainní Eile
Acmhainní eile a mbaineann múinteoirí úsáid astu ná leabhair oibre breise, cártaí oibre, cláracha rí-omhaire agus suíomhanna éagsúla ar an idir-líon e.g.

- I dtreo na Mata
- Ready, Steady, Maths
- Maths Quest
- Planet Maths
- Figure it out
- Maths Matters
- Maths World
- Day by Day
- Leabhar Táblaí
- ipads

Cláracha Ríomhaire:
- Worksheet Factory
- Numbershark
- Tangraim
- Europrinter
- Basic fact worksheets
- Teaching time

Suíomh Idir-líon: mangahigh.com

Ríomhairí

- Tá áit do ríomhairí sa Churaclam Matamaitice ach ba cheart a chuim-hniú nach bhfuil iontu ach uirlis eile mar áis don mhúinteoir agus don pháiste.
- Buntáistí a bhaineann le ríomhaire a bheith mar áis sa rang ó thaobh na
- Matamaitice de:

Cuireann ríomhairí rogha eile oibre ar fáil seachas tascanna le peann agus páipéar.
Spreagann siad páistí atá chun deiridh.
Soláthraíonn siad obair bhreise shuimiúil ag gach leibhéal cumais.m.sh. páistí atá lag nó páistí atá chun cinn sa scoil.
Cuidíonn an ríomhaire linn fearais Matamaitice a dhearadh. eg. uimhir línte, graifeanna &rl.

Roinnt d'fheidhmeanna an TEC:

- druil agus cleachtadh
- cláir eachtraíochta
- bunachair sonraí
- scarbhileoga
- LOGO
- An t-idirlíon a úsáid le theacht ar ábhair agus eolas.

Chomh maith le sin bainfear úsáid as na hacmhainní thíosluaite chun tuiscint an pháiste ar an Mata-maitic a thabhairt chun cinn agus a fhorbairt:

- An Timpeallacht Scoile
- An Baile
- An Chomharsanacht
- An Páiste fhéin.

Fearas atá le fáil

Naíonáin

- Fearais de bhonn deich agus aonaid

Rang 1 & 2

Tangraim

Cloganna

Rang a Trí agus a Ceathair

- Scálaí meacháin
- Póstaeir Codáin (Mór)

Rang a Ceathair agus a Cúig

- Uillintomhais (mór agus beag)
- Acmhainní le fadhbanna mata

(I)Téacsanna / Leabhra Saothair

RANG	TÉACS	CÉN FÁTH NACH MAITH LEAT É?	CÉN FÁTH A MAITH LEAT É?
NAÍONÁIN BHEAGA			
NAÍONÁIN MHÓRA			
RANG A 1			
RANG A 2			
RANG A 3			

RANG A 4			
RANG A 5			
RANG A 6			

(m) Clár Ama

De réir an Churaclaim tá **4 uair agus10** nóiméad sa tseachtain leagtha amach don Mhatamaitic do na hardranganna agus do na Naíonáin tá **3 uair agus 25** nóiméad sa tseachtain.

(n) Obair Bhaile

- Tugann obair bhaile deis don pháste athneartú agus treisiú a dhéanamh ar obair a rinneadh sa rang.
- Cothaíonn sé scileanna eagraithe agus an cumas dul i mbun pinn go neamhspleách.
- Cruthaíonn obair bhaile caidreamh idir baile agus scoil.
- Cabhraíonn obair bhaile le dul chun cinn an pháiste a mheas agus pleanáil a dhéanamh dá réir.

(o) Measteacháin

- Ba chóir béim an mheasúnaithe a leagan ar céard atá ar eolas ag na páistí, céard is feidir leo a dhéanamh agus cén dóigh a dhéanann siad é in áit díriú ar rudaí nach féidir leo a dhéanamh.
- Tá an measanú ina pháirt thábhachtach de theagasc agus d'fhoghlaim na matamaitice.
- Cuireann sé le héifeacht na foghlama mar go gcuireann sé eolas ar fáil don pháiste agus don mhúinteoir fósta.

Ba chóir measúnú a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas

- Eolas & Tuiscint Coincheapanna
- Cumas i Réiteach Fadhbanna
- Oilteacht i Ríomhaireacht
- Scileanna Athmheabhraithe
- Máistreacht ar achair shainiúla ábhair (uimhreas, ailgéabar, tomhais, cruth & spás mar shampla)
- Cumas cumarsáide faoi smaointe agus phróiséis Mhatamaiticiúla
- Dearcadh an pháiste i leith na Matamaitice

Uirlisí Measúnaithe

- Breathnóireacht an mhúinteora: Déanann an múinteoir measúnú gach lá agus iad ag breathnú ar na páistí i mbun oibre, le linn obair bhaile nó obair ranga, nó nuair a bhíonn siad ag díospóireacht leo.
- Teisteanna & Tascanna déanta ag an múinteoir:
    - ó bhéal
    - teisteanna scríofa
    - cleachtaí i réiteach fadhbanna
    - tionscadail. eg. An clós a thomhais
- Bailiúchán d'obair an pháiste: Obair an pháiste a chur i bhfillteán.

- Proifílí Curaclaim: Cuireann próifílí Curaclaim ar chumas an mhúinteora forbhreithiúnas a dhéanamh faoi dhul chun cinn an pháiste aonair.
- Tástálacha diagnóiseacha: Nochtann trialacha diagnóiseacha deacrachtaí foghlama i ngnéithe áirithe Matamaitice agus is féidir na torthaí a úsáid ansin i réiteach na faidhbe.
- Tástáil Chaighdeánach: Úsáideann muid an Sigma T sa scoil.

Percentile níos lú ná 10, Sten 3 – Múinteoir Tacaíochta Foghlama
Uaireanta ceadaithe ag NCSE – Múinteoir Acmhainní.

(p) Réamhghníomhaíochtaí

- Séard atá i gceist leis na réamh-ghníomhaíochtaí ná an réamh-obair a dhéantar leis na paistí sna Naíonáin Bheaga sula dtosaíonn siad ar an Matamaitic go foirmiúil.
- Sa Churaclam leasaithe tá béim mhór ar an snáithe seo agus tá súil againn go mbeidh sin ina dhúshraith daingean don obair a thiocfas ina dhiaidh.
- Déantar an réamh-ghníomhaíocht seo trí chomhrá agus súgradh.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh neart fearais againn le seo a dhéanamh.
- Siad na snáithaonaid atá i gceist ná:
    - Rangú
    - Meaitseáil
    - Comparáid a dhéanamh
    - Cur in ord

(q) Fadhbanna scríofa

Sprioc:

- Go mbeadh sé ar chumas na bpáistí fadhbanna a réiteach trí na stráitéis thíosluaite*
- Caithfear taithí coincréideach a thabhairt do na páistí maidir le fearas a láimhseáil sula dtéann an rang ar aghaidh chuig an ábhar teibí scríofa.
- Caithfear an choincheap a phlé go mion.
- Caithfidh cumas léitheoireachta a bheith ag na páistí.
- Caithfear anailís chúramach a dhéanamh. eg. Céard atá á chuardach sa cheist?

*Stráitéis

- Samhail a thógáil.
- Léaráid a tharraingt le fadhb a léiriú
- Cairt nó tábla a dhéanamh den eolas
- Pátrúin a lorg sa bhfadhb
- Buille faoi thuairim agus é a thástáil
- An fhadhb a fho-roinnt agus gach cuid ar leith a réiteach
- Uimhir-abairt bunaithe ar an bhfadhb a scríobh
- Fearas feiliúnach a úsáid i réiteach faidhbe. m.sh. Meá, uirlis tomhais, áireamh, bloic.
- Leagan níos simplí den fhadhb a réiteach. m.sh. uimhreacha níos lú a úsáid.

(r) Coincheapanna Deacra:

Siad na coincheapanna seo a leanas an chuid is mó a mbíonn fadhb leo fríd an scoil.

- Fadhbanna Scríofa: Tá sé soiléir go mbíonn fadhbanna ag paistí ó gach rang le fadhbanna scríofa. Mar sin moltar go gcaithfeadh muid rang iomlán gach seachtain ar fhadhbanna scríofa le taithí a thabhairt do na paistí.
- Teanga leanúnach Matamaitice: Tá sé riachtanach teanga leanúnach Matamaitice a úsáid fríd an scoil ó rang na Naíonáin suas.

- Athghrúpáil: Is coincheap teibí é seo agus bíonn fadhbanna ag cuid de na páistí é a thuiscint. Beidh sé riachtanach ó Rang a hAon ar aghaidh dul siar a dhéanamh ar an gcoincheap seo.
- Ailgéabar: Tá sé riachtanach an ailgéabar a chleachtadh go minic.
- Roinnt fhada
- Ionadluacha, go háirithe le deachúlacha
- Am, go háirithe ag athrú ó chlog digíteach go analóg agus ar ais

Tá sé soiléir go gcaithfidh na scoláirí a bheith réidh chun coincheap nua a thuiscint. Mar sin fhéin tá sé riachtanach na scrúdaithe Sigma a thabhairt do gach páiste ag deireadh na bliana le go mbeadh a fhios ag na múinteoirí cé hiad na paistí a bhfuil deacrachtaí acu agus cá bhfuil na deacrachtaí sin.

(s)Mata Meabhrach

Mar pháirt de Féin Mheasúnú na scoile shocraigh an fhoireann 10 mbomaite a chaitheamh ar Mata Meabhrach gach maidin ó Méan Fomhair 2013.

7. NA MODHANNA MÚINTE ATÁ IN ÚSÁID

- Coincheapa a mhíniú le taispeántas
- Díospóireacht faoi thopaic faoi threoir (Múinteoir v rang, múinteoir v páiste, páiste v páiste)
- Obair phraicticiúil agus le hábhair chonchréiteacha, gníomhaíochtaí le fearais éagsúla.
- Comhúinteoireacht (le Múinteoir Tacaíocht Foghlama/ Múinteoir Acmhainne) i ngach rang 9seachas rang 5 & 6) ar feadh 6-8 seachtaine sa bhliain
- Forbairt ar theanga na Matamaitice
- Obair scríofa
- Obair i ngrúpaí – beirt nó triúr
- Obair mheabhrach
  - Cluichí
  - Ríomhaire/ipads
  - Ealaín
  - Obair le: Grúpa faoi leith
  - Páiste aonarach
  - Measúnú
  - Dul siar.

8. CRITÉIR RATHÚLACHTA

(lena ndéantar an polasaí a mheas)

Déanfar measúnú ar an bpolasaí seo de réir

- Na huirlisí measúnaithe atá leagtha síos sa pholasaí seo: Breathnóireacht an Mhúinteora, Teisteanna & Tascanna an Mhúinteora, Bailiúchán d'Obair na nDaltaí, Proifílí Curaclaim,Tástálacha Diagnóiseacha, Tástáil Chaighdeánach: Sigma-T.
- Aiseolas ón bhfoireann
- Aiseolas ó dhaltaí: An bhfuil suim acu sa Mhatamaitic? An bhfuil fadhb acu leis?
- Aiseolas ó thuismitheoirí
- Aiseolas ón bpobal
- Aiseolas ó scoileanna dara-leibhéal
- Aiseolas ón gcigire: Tuairiscí. Mórfhiosrú.

Bainfear úsáid as na huirlisí measúnaithe atá luaite thuas le cur le teagasc agus foghlaim na Matamaitice sa scoil.

9. RÓLANNA & FREAGRACHT

- Tá comhoibriú pobal uilig na scoile – an príomhoide, na múinteoirí agus nuair a oireann na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta, riachtanach chun an pholasaí seo a eagrú agus a chur i bhfeidhm. Is cuid thábhachtach den Phlean Uile Scoile í an Mhatamaitic.
- Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht do na socraithe phraicticiúla atá le déanamh le curaclam na Matamaitice a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa scoil taobh istigh de chúinsí eacnamaíochta an Bhoird.
- Bíonn an príomhoide agus na múinteoirí i gcomhairle le chéile faoin bpolasaí Matamaitice. Tugann an príomhoide tacaíocht do na múinteoirí ina gcuid oibre le go mbeadh na háiseanna teagaisc agus foghlama comhaimseartha agus úr.
- Tá gach múinteoir freagrach as cur i bhfeidhm, forbairt agus tacú leis an bpolasaí seo. Déanfar dul chun cinn, cur i bhfeidhm agus forbairt an pholasaí a phlé ag cruinnithe foirne. Tá gach múinteoir freagrach as tacú, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus measúnú an pholasaí agus dearcadh dearfach i leith na Matamaitice a chothú i measc na bpáistí.

10. SPRIOCDHÁTAÍ LEIS AN bPOLASAÍ A CHUR I gCRÍCH

Sé an spriocdháta atá againn leis an bpolasaí a chur i gcrích ná Feabhra 2013.

11. SPRIOCDHÁTAÍ DON ATH-BHREITHNIÚ

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag cruinniú foirne Mhí Feabhra 2015.

12. FREAGRACHT DON ATH-BHREITHNIÚ

- Tá freagracht ar fhoireann teagaisc na scoile, ar pháistí agus ar thuismitheoirí agus ar an mBord Bainistíochta maidir leis an athbhreithniú.
- Tá an príomhoide freagrach as go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpolasaí go bliantúil.

13. DAINGNIÚ & CUMARSÁID

Nuair atá an Plean Scoile don Mhatamaitic curtha le chéile ag an bhfoireann cuirfear an Polasaí faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta. Beidh cóip curtha ar fáil don fhoireann teagaisc agus beidh cóipeanna breise ar fáil in oifig na scoile má tá suim ag tuismitheoir é a fheiceáil.

Glactha leis ag an Bhord Bainistíochta _____

Síniú an Chathaoirleach

Dáta _____

Read more: https://scoil-phadraig-dobhar.webnode.page/polasaithe-na-scoile/plean-matamaitice/